Leathadh COVID-19

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi leathadh an choróinvíris san Eoraip. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, tabhair cuntas don duine in aice leat ar stádas an víris in Éirinn inniu agus na réamhchúraimí atá á ndéanamh sa tír chun dul i ngleic leis.



Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- ♣ video conference
- ♣ leaders of the member states
- ♣ the disease is tearing through
- ♣ continental Europe
- ♣ closing their borders
- ♣ wanting to alleviate the disease
- ♣ citizen
- ♣ in that locality
- ♣ for a few weeks
- ♣ from where the virus sprang

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat.

Cén fáth ar luadh na háiteanna seo a leanas?

An tAontas Eorpach
An Ghearmáin
An Ostair
An Spáinn
Na Stáit Aontaithe
An Bhreatain
An tSín

Ceist 4 Bhí a lán samplaí den saorbhriathar sa tuairisc. Éist leis an mír arís agus breac síos gach sampla a chloiseann tú. Cén aimsir lena mbaineann siad?

Ceist 5 An tuiseal ginideach

Líon na bearnaí sna samplaí thíos leis an bhfoirm cheart den ainmfhocal atá idir lúibíní. Bhí siad ar fad le cloisteáil sa mhír.

i dtíortha (an tAontas): _____
ceannairí (na ballstáit): _____
mór-roinn (an Eoraip): _____
Feidhmeannacht (an tAontas Eorpach) _____
Ceannasaí (an Coimisiún Eorpach) _____
sráideanna (an phríomhchathair) _____
líon (na cásanna) _____
oirthear (an Áise) _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Conas mar a mhothaíonn tú faoin gcoróinvíreas?
2. An mbeidh saol an duine athraithe i gceann cúpla mí? Conas?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Tá a lán eolais ar fáil i nGaeilge ar www.gov.ie faoin gcoróinvíreas.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

video conference – *comhdháil físe*
leaders of the member states – *ceannairí na mballstát*
the disease is tearing through – *tá an aicíd ag réabadh (trí)*
continental Europe – *mór-roinn na hEorpa*
closing their borders – *ag dúnadh a dteorainneacha*
wanting to alleviate the disease – *ag iarraidh an aicíd a mhaolú*
citizen – *saoránach*
in that locality – *sna bólaí sin*
for a few weeks – *go ceann roinnt seachtaine*
from where the virus sprang – *as ar eascair an víreas*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

- ina bpléifear: an aimsir fháistineach
- fógraíodh: an aimsir chaite
- go bhfógraítear: an aimsir láithreach
- go gcuirfí: an modh coinníollach
- fógraíodh: an aimsir chaite
- tuairiscítear: an aimsir láithreach
- go ndúnfaí: an modh coinníollach
- fógraíodh: an aimsir chaite
- go bhfógrófar: an aimsir fháistineach
- tuigtear: an aimsir láithreach

Ceist 5

i dtíortha an Aontais
ceannairí na mballstát
mór-roinn na hEorpa
Feidhmeannacht an Aontais Eorpaigh
Ceannasaí an Choimisiúin Eorpaigh
sráideanna na príomhchathrach
líon na gcásanna
oirthear na hÁise

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Tá sé molta ag an Aontas Eorpach inniu cosc a chur ar aon taisteal nach bhfuil gá leis isteach i dtíortha an Aontais as seo go ceann 30 lá, chun dul i ngleic leis an gcoróinvíreas. Tá comhdháil físe eagraithe amárach idir ceannairí na mballstát ina bpléifear slite níos éifeachtaí chun dul i ngleic leis an víreas.

Séamus Ó Scanláin
Tá aicíd an COVID-19 ag réabadh mhór-roinn na hEorpa faoi láthair agus ballstáit éagsúla san Aontas Eorpach ag glacadh a gcuid beartas féin. Cuid díobh ag dúnadh a dteorainneacha. Is í an Ghearmáin an tír is deireanaí lena teorainn a dhúnadh agus ise ar a dícheall, ach an oiread le gach uile thír eile, ag iarraidh an aicíd seo a mhaolú.

San Ostair, in aice láimhe, fógraíodh inniu nach mbeadh aon ranganna á múineadh i scoileanna ansin go bhfógraítear a mhalairt. Shocraigh Feidhmeannacht an Aontais Eorpaigh inniu go gcuirfí cosc 30 lá ar aon shaoránach nach den Aontas é a theacht isteach san AE, cé go mbeadh eisceachtaí i gceist freisin, a dúirt Ceannasaí an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen.

Sa Spáinn, bhí saighdeoirí broidiúil ar shráideanna na príomhchathrach Madrid, i dteannta cathracha eile ansin, ó fógraíodh ardú suntasach i líon na gcásanna sa tír sin le cúpla lá anuas.

Tuairiscítear líon na gcásanna a bheith ardaithe freisin sa bhFrainc, san Ísiltír agus san Iodáil.

Sna Stáit Aontaithe, d'ordaigh na húdaráis sna mórchathracha – Nua-Eabhrac agus Los Angeles – go ndúnfaí gach scoil, bialann, teach tábhairne agus amharclann sna bólaí sin.

Fógraíodh sa Bhreatain tráthnóna go bhfógrófar as seo go ceann roinnt seachtaine go gcaithfidh gach duine ansin os cionn seachtó bliain d'aois fanacht sa mbaile ar feadh tréimhse leanúnach, le hiad féin a chosaint ón víreas. D'fhéadfadh tamall fada a bheith i gceist, a dúirt an Rúnaí Sláinte, Matt Hancock.

Go ginearálta, tuigtear go bhfuil na cásanna nua den aicíd seo ag maolú in oirthear na hÁise. An tSín ar ndóigh, as ar eascair an víreas, ag rá go bhfuil na cásanna laethúla ag laghdú ansin. Breis is 80 míle cás atá luaite leis an tSín anois, breis is 87 míle cás san iomlán i dtíortha lasmuigh den tSín.

Séamus Ó Scanláin, Nuacht TG4.